faoi bhun
OCHT mBLIANA DÉAG



AOISTEORAINNEACHA

I gcás gnáthphoist, is é 16 bliana an íosteorainn aoise ghinearálta. Féadfaidh fostóirí daoine atá 14 agus 15 bliana d'aois a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh:

- ar bhonn páirtaimseartha le linn an téarma scoile (os cionn 15 bliana amháin)
- mar chuid de thaithí oibre nó clár oideachais faofa
- le linn laethanta saoire ón scoil, ar an gcoinníoll go mbíonn briseadh trí seachtaine ar a laghad i gceist ón obair i rith an tsamhraidh.

Is féidir páiste ar bith faoi bhun 16 bliana a fhostú i gcúrsaí scannánaíochta, amharclannaíochta, spóirt nó fógraíochta, ach é sin a dhéanamh faoi cheadúnas.

LÍON UASTA UAIREANTA OIBRE SA tSEACHTAIN

Níl cead daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a fhostú le haghaidh níos mó ná 40 uair an chloig sa tseachtain, nó 8 n-uaire an chloig sa ló, ach amháin i gcás fíor-éigeandála.

Is iad seo a leanas an líon uasta uaireanta oibre sa tseachtain le haghaidh daoine 14 agus 15 bliana d'aois:

Aois	14	15
I rith an téarma	Neamhní	8 n-uaire an chloig
Obair i rith laethanta saoire	35 huaire an chloig	35 huaire an chloig
Taithí oibre	40 uair an chloig	40 uair an chloig

OBAIR LUATH AR MAIDIN AGUS OBAIR OÍCHE

Seo iad uaireanta an chloig atá ceadaithe:

Aois	Faoi bhun 16	16 agus 17 mbliana d'aois
Luath ar maidin	i ndiaidh 8 am	i ndiaidh 6 am
Obair oíche		
■ scoil an mhaidin dár gcionn	suas go 8 pm	suas go 10 pm
■ gan aon scoil an mhaidin dár gcionn *e.g. laethanta saoire, deirí seachtaine*	suas go 8 pm	suas go 11 pm* *(gan tosú arís roimh 7am an mhaidin dár gcionn)*

***Tabhair do d'aire:** faoi na rialacháin, is gá ceadú an Aire a fháil le haghaidh oibre oíche i ndiaidh 10pm. Is ann do rialacháin shonracha le haghaidh áitribh cheadúnaithe. Déan teagmháil ar na uimhir theileafóin thíos chun breis eolais a fháil.

SOSANNA SCÍTHE

Aois	Faoi bhun 16	16 agus 17
Sos 30 nóiméad i ndiaidh	4 huaire an chloig ag obair	4 ½ huaire an chloig ag obair
Gach 24 uair an chloig	14 huaire an chloig saor	12 uair an chloig saor
Gach 7 lá	2 lá saor	2 lá saor

Dualgais Fostóirí

Ní mór d'fhostóirí:
Cóip den teastas breithe a fheiceáil agus, roimh dóibh aon duine faoi bhun 16 bliana a fhostú, cead i scríbhinn a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an duine sin.

Clár a choimeád de na sonraí seo a leanas i gcás gach duine faoi bhun 18 mbliana atá fostaithe acu:

- ainm agus sloinne iomlán
- dáta breithe
- am tosaithe na hoibre gach lá
- am críochnaithe na hoibre gach lá
- ráta pá nó tuarastail íoctha sa ló, sa tseachtain, sa mhí nó sa bhliain, de réir mar is cuí
- méid iomlán an phá nó an tuarastail a íoctar do gach duine.

Gearáin

Is féidir gearáin faoi sháruithe ar an Acht a dhéanamh faoi rún chuig:

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Tá teacht ar fhoirm ghearáin ar líne ar an suíomh Gréasáin ar mhaithe le gearáin a tharchur chuig Seirbhísí Cigireachta nó chuig Breithneoir.

www.workplacerelations.ie

Tá cumhacht ag Cigirí an Choimisiúin dul isteach in áiteanna oibre, fostóirí a cheistiú agus taifid a iniúchadh.

Eisceachtaí agus Pionóis

Ní bhaineann forálacha iomlána an Achta le:

- garghaolta a fhostú
- fostaíocht in iascaireacht, i loingseoireacht, nó sna Fórsaí Cosanta.

D'fhéadfadh ciontóirí fíneáil Aicme B a thabhú, chomh maith le fíneáil Aicme E maidir le gach lá a leanann an cion ar aghaidh.

Tabhair do d'aire: Is breac-chuntas gairid ar an dlí a thugtar ar an bpóstaer seo, agus ní míniú dlíthiúil é.

Má tá breis eolais ag teastáil, déan teagmháil leis:

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre,
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach
R93 W7W2
1890 80 80 90
www.workplacerelations.ie

Ba cheart do ghlaoiteoirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh éagsúlachtaí a bheith idir na rátaí a bhaineann le húsáid uimhreacha 1890 (íosghlao) i measc soláthróirí seirbhíse difriúla."